Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2007**

# EALAÍN

Cumadóireacht Shamhlaíoch Agus Ábhar Neamhbheo

Ardleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

**Dé hAoine, 4 Bealtaine     Maidin 9.30 – 12.00**

Tá an páipéar seo le tabhairt d'iarrthóirí **Dé hAoine, 27 Aibreán**

**Treoracha**

- Tá cead agat úsáid a bhaint as dath, monacróm, meáin mheasctha, colláis, nó meán oiriúnach ar bith eile. Níl cead olaphéinteanna ná ábhar orgánach meatach a úsáid, ámh. Níl cead stionsail, teimpléid ná íomhánna rianaithe, obair ealaíne réamhullmhaithe ná íomhánna fótagrafaíochta a thabhairt isteach sa scrúdú.
- Scríobh do Scrúduimhir go soiléir sa spás ar an mbileog A2. Scríobh an teideal – 'Cumadóireacht Shamhlaíoch' nó 'Ábhar Neamhbheo' – díreach faoi do Scrúduimhir.
- **Más mian leat oibriú ar bhileog dhaite,** ní mór don fheitheoir an bhileog a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú **á dheimhniú go bhfuil sí folamh. Uasmhéid na bileoige: A2.**

## Roghnaigh ceann amháin díobh seo a leanas

1. Déan **Cumadóireacht Shamhlaíoch** bunaithe ar cheann amháin de na sleachta tuairisciúla: A, B, C, D, E. Ní mór duit an túsphointe agus an bunús atá le do Chumadóireacht Shamhlaíoch a lua ar chúl na bileoige líníochta agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl.

2. Déan **Cumadóireacht Ábhar Neamhbheo** bunaithe ar fhoireann nithe a bhfuil tuairisc orthu i gceann de na sleachta tuairisciúla: A, B, C, D, E, nó ar fhoireann nithe a mheabhraíonn na sleachta sin duit. Ní mór duit nithe ábhartha a thabhairt chuig an ionad scrúdaithe chun go mbeidh ar do chumas do **chumadóireacht ábhar neamhbheo féin** a leagan amach. Ní mór é seo a chur i gcrích in am, roimh thús an scrúdaithe. Ní mór duit an túsphointe agus an bunús atá le do Chumadóireacht Ábhar Neamhbheo a lua ar chúl na bileoige líníochta agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl.

3. Déan **Cumadóireacht Theibí** bunaithe ar smaoineamh a spreagfaidh ceann de na sleachta tuairisciúla A, B, C, D, E, ionat nó a fhorbróidh tú ó cheann de na sleachta tuairisciúla sin. Ba chóir duit an túsphointe agus an bunús atá leis an gcumadóireacht theibí a lua ar chúl na bileoige líníochta agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl. Luaigh go soiléir cé acu 1 – Cumadóireacht Shamhlaíoch, nó 2 – Ábhar Neamhbheo, atá i do Chumadóireacht Theibí.

# Sleachta Tuairisciúla

**Sliocht A**

Féach timpeall ort sa mhargadh ar maidin agus bainfidh tú an-sásamh go deo as an radharc. Tá an t-iasc, go háirithe, sciamhach ar an mbealach geal, tréshoilseach, tuaisceartach sin. Tá ribí róibéis leochaileacha, iad bándearg mar a bheadh rós, ina luí taobh le muiríní miona ina sliogáin dhonnrua; tá sciataí móra fíochmhara agus sóil shlíoctha taobh le ronnaigh riabhacha ildathacha, smailtíní beaga ar chuma péarlaí agus ciseáin lán de dhiúilicíní fíorbheaga, fíordhubha. Anseo agus ansiúd tá cnúdán dearg feargach ag feitheamh le custaiméir, taobh le cual mór portán i mullach a chéile agus carn séaclaí beaga liatha. Tá leac oighir agus feamainn agus boladh úr na mara i ngach áit.

Taobh amuigh, tá na stallaí glasraí lán amach de bhliosáin ón mBriotáin, iad cruinn, foirfe agus na duilleoga dúnta go teann; cainneanna fada, glana, lonracha; agus cóilisí bánghlasa bruthacha. Ag an gcéad stalla eile, tá seanbhean tuaithe i mbun burlaí luibheanna sailéid, síobhas, camán gall, samhadh, raidisí agus leitísí.

Sliocht as *French Provincial Cooking* le Elizabeth David, le caoinchead Penguin Books, 1964.

**Sliocht B**

Bhí sé tnáite ag aer plúchta na foraoise giúise agus clúdaithe le téada damhán alla agus snáthaidí giúise. Rinne Meliton Shishkin, an báille as feirm Dementyev, a shlí go tuirseach, agus raidhfil ina lámh, go dtí imeall na coille. Bhí a ghadhar, Lady, ag imeacht go drogallach taobh thiar dá máistir. Bhí mianach mongrail agus sotair inti, í an-tanaí agus trom le hál, a heireaball fliuch sáite idir an dá chos aici agus í ar a seacht ndícheall chun nach bpriocfaí a smut. Bhí an mhaidin gruama agus an spéir trom, dúnta. Thit sprae trom ó na crainn a raibh brat éadrom ceobhráin orthu, agus anuas ón raithneach, agus bhí boladh géar an lobhaidh ón adhmad tais.

Bhí beitheanna geala ar a aghaidh amach, san áit ar tháinig deireadh leis an bhforaois, agus bhí bun ceobhránach na spéire le feiceáil idir cabhlacha na gcrann agus na brainsí. Bhí duine éigin taobh thiar de na beitheanna, ag seinm píb aoire tuaithe. Ní raibh ag an gceoltóir ach a cúig nó a sé de nótaí, agus é á síneadh amach go leisciúil gan iarracht ar bith ar fhonn a sheinm – ach fós bhí mianach dobrónach gan suáilce dá laghad sa phíobaireacht chaol sin.

Nuair a bhí an fhoraois ag tanú agus san áit ar fhás giúiseanna beaga i measc na gcrann beithe óg, fuair Meliton radharc ar an tréad. Bhí capaill faoi laincis, ba agus caoirigh ag fánaíocht i measc na sceach, iad ag briseadh na gcipíní faoi chois agus ag bolú an fhéir sa choill. Ar imeall na coille, bhí seanaoire ina sheasamh le crann beithe báite, é creatach, agus lom ar a cheann agus

forléine gharbh shractha air. Bhí sé ar a mharana ag stánadh ar an talamh agus bhí gach dealramh air go raibh sé ag seinm na píbe go meicniúil.

‘Móra dhuit ar maidin, a dhuine ! Dia leat,’ arsa Meliton de ghuth caol piachánach nach raibh ag teacht beag ná mór lena théagar ollmhór coirp ná lena dhreach leathan feolmhar. ‘Nach breá an ceol atá tú a bhaint as an bpíb sin. Cé leis an tréad sin atá tú a fhaire?’

Sliocht as *The Steppe and other Stories* le Anton Chekhov, le caoinchead Penguin Classics, 2001.

**Sliocht C**

Áit chúlráideach a bhí ann faoi scáth crainn choiréil, taobh le balla faoi bhrat *bougainvillea.* Bhí sraith *poinsettias* i bpotaí ag síneadh ar feadh an bhalla. Bhí a bhealach déanta ag an *bougainvillea* tríd an gcrann freisin. Bhí contrárthacht thar a bheith gleoite idir brachtanna corcra an *bougainvillea* agus bláthanna dearga an chrainn. Agus nuair a bhí an crann úd faoi bhláth, éanlann préachán, míonaí, clabairí, druideanna ar dhath na rósanna, éin ghréine agus pearaicítí a bhí ann. Bhí an balla le taobh mo láimhe deise, agus é ar uillinn leathan. Ar m’aghaidh amach agus ar thaobh na láimhe clé, ar aghaidh ó scáth bainniúil sliogánach an chrainn, bhí spás oscailte an chlóis báite i solas na gréine. Chlaochlaigh cruth rudaí, ar ndóigh, ag brath ar an aimsir, ar an am den lá, ar an am den bhliain. Ach tá sé ar fad an-soiléir i mo chuimhne, faoi mar nár tháinig athrú ar bith air.

Sliocht as *Life of Pi* le Yann Martel, le caoinchead Canongate Books, 2001.

**Sliocht D**

Is é an criú a roghnaigh NASA don aistear cinniúnach seo ná Neil Armstrong, Buzz Aldrin agus Mike Collins, agus is triúr aisteacha iad. Dhearbhaigh an plean eitilte go rachadh Collins ar diathair timpeall na Gealaí agus frustrachas beannaithe air, ag tindeáil ar an árthach a thabharfadh abhaile iad, Modúl Ceannais Columbia, fad a thuirlingeodh a chomhghleacaithe ar an dromchla sa tuirlingeoir Eagle. Duine sochaideartha é; is breá leis fíonta den scoth agus dea-leabhair; bíonn sé ag gabháil den phéintéireacht agus cuireann sé rósanna. Duine coimhthíoch féinmhuiníneach é Armstrong – is maith le Collins é, ach téann de fáil tríd an sciath chosanta a chuireann sé thart air féin – agus Aldrin atá chomh lán d’anam le sreang leictreach, measann sé gur duine dainséarach é.

An tréimhse roimh an aistear, tréimhse bhuile a bhí ann. Thug na spásairí turas geolaíochta uair amháin ar na sléibhte, ach níor chuala siad oiread is focal a dúirt a dteagascóirí leo i ngeall ar thorann héileacaptair na meán ag fuadráil agus ag réabadh os a gcionn ar chuma feithidí ollmhóra amplacha. Níl a fhios ag aon duine go cinnte cad atá thuas ansiúd, agus tá ráite ag

nuachtáin agus ag cláir chúrsaí reatha ar an teilifís go n-adhanfaidh Dusta na Gealaí ar chultacha spáis na spásairí an nóiméad a theagmhóidh sé leis an ocsaigin agus iad ar ais i gcábán an Eagle, mura bpléascfaidh sé roimhe sin faoina gcosa. Tugann ceann eile fós foláireamh nach bhfuil ar an dromchla ar fad ach dusta, agus go rachaidh an t-árthach ar lár ar fad ann an nóiméad a thuirlingeoidh sí, gan radharc go brách arís a fháil uirthi. Tá imní ar shaineolaithe eile go mb'fhéidir go n-iomprófar ar ais baictéar coimhthíoch a scriosfaidh an bheatha ar domhan, mar atá leagtha amach sna scannáin *Sci-Fi* The Quatermass Experiment nó The Andromeda Strain. Tá léaráidí in irisí de na créatúir choimhthíocha faoi thalamh a d'fhéadfadh a bheith thuas ann, agus dúil mhór acu sna fir sneachta bhána rólaí pólaí ón Domhan.
Sliocht as *Moondust* le Andrew Smith, le caoinchead Bloomsbury, 2006.

**Sliocht E**

Bhog Howard go dtí an taobh eile den chistin *cum* seomra bia chun freastal ar chiteal a bhí ag canadh. Ní raibh ann ach an t-aon nóta ard amháin seo – faic eile ach tost. Bhí an iníon aonair acu, Zora, ina suí ar stól agus a cúl leis an seomra, na cluasáin uirthi, agus í ag amharc in airde le hómós ar an teilifís. Bhí an gasúr ab óige, Levi, ina sheasamh taobh lena athair os comhair na gcófraí cistine. Anois, thosaigh an bheirt acu ar bhricfeasta a réiteach mar a bheidís ag rince, iad ar aon bhuille le chéile gan focal astu: shín siad an bosca gránach ó dhuine go chéile, ag malartú uirlisí, ag líonadh a mbabhlaí agus ag roinnt an bhainne as crúsca bándearg a raibh béal buí na gréine air. Bhí aghaidh an tí ó dheas. Bhuail an solas na doirse gloine dúbailte a thug ar an ngairdín, agus shíothlaigh sé tríd an áirse a roinn an chistin. Luigh sé go sámh ar an bpictiúr neamhbheo de Kiki ag an mbord bricfeasta, gan chorraíl, ag léamh. Bhí babhla dúdhearg Portaingéalach déanta de chré ar a haghaidh, agus carn mór úll ann. An tráth seo de mhaidin, shín an solas níos sia fiú, ar aghaidh thar an mbord bricfeasta, tríd an halla, go dtí an ceann ba lú den dá sheomra suí. Seilf leabhar lán de na leabhair faoi chlúdach bog ab fhaide acu, choinnigh sé comhluadar anseo le mála pónairí svaeid agus *ottoman* ar a raibh Murdoch, an gadhar dachshund, sínte ina phleist faoi gha gréine.

'An fíor ar fad é seo?' a d'fhiafraigh Kiki, gan aon fhreagra a fháil.

Bhí Levi ag gearradh súnna talún, á rinseáil agus á bplabadh in dhá bhabhla gránach. Is é a bhí le déanamh ag Howard ná breith ar a gcloigne bearrtha le cur sa bhruscar. Díreach agus iad ag cur bailchríche ar an obair seo, d'iompaigh Kiki na páipéir béal fúthu ar an mbord, bhain sí a lámha de thaobh a cinn agus rinne sí gáire os íseal. … Rug sí ar úll agus thosaigh á ghearradh le ceann de na sceana beaga a raibh lámh thréshoilseach orthu, agus rinne sí blúirí mírialta de. D'ith sí iad seo go mall, blúire i ndiaidh a chéile.
Sliocht as *On Beauty* le Zadie Smith, le caoinchead Penguin, 2006.

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán